Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Feabhra 2023 (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0033(COD)**

**6417/23 ADD 1**

**SOC 110**
**EMPL 69**
**SAN 77**
**IA 21**
**CODEC 192**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 71 final - Annexes 1 to 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 71 final - Annexes 1 to 2.

---

Faoi iamh: COM(2023) 71 final - Annexes 1 to 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.2.2023
COM(2023) 71 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití**

{SEC(2023) 67 final} - {SWD(2023) 34 final} - {SWD(2023) 35 final} - {SWD(2023) 36 final}

## IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/24/CE:

### *'IARSCRÍBHINN I*

### LIOSTA DE THEORAINNLUACHANNA NOCHTA CEIRDE CEANGAILTEACHA

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uair an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | |
| | | | µg/m³ ([5]) | Ppm ([6]) | f/ml ([7]) | µg/m³ | ppm | | |
| Dé-isicianáítí | | | 6 | | | 12 | | Craiceann ([8])<br><br>Íogrú deirmeach agus riospráide ([9]) | Beidh feidhm ag an teorainnluach 10 µg/m³ i ndáil le tréimhse thagartha ocht n-uair an chloig agus ag teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh 20 µg/m³ go dtí an 31 Nollaig 2028. |

([1]) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

([2]) Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

([3]) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uair an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).

([4]) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

([5]) µg/m³ = micreagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir.

([6]) ppm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).

([7]) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

([8]) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn.

([9]) Is féidir an tsubstaint a bheith ina cúis le híogrú an chraicinn agus na conaire riospráide.'.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn III, pointe A,

cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sraithe a bhaineann le luaidhe neamhorgánach agus lena comhdhúile:

‘

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE (1) | Uimh. CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uair an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | mg/m$^3$ (5) | Ppm (6) | f/ml (7) | mg/m$^3$ | ppm | f/ml | | |
| Luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile | | | 0.03 | | | | | | | |

(1) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(2) Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uair an chloig mheán ualaithe de réir ama (TWA).

(4) Teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

(5) mg/m3 = milleagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir ag 20 °C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

(6) ppm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).

(7) f/ml = snáithíní in aghaidh an mhillilítir.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa:

### *‘IARSCRÍBHINN IIIa*

### TEORAINNLUACHANNA BITHEOLAÍOCHA AGUS BEARTA FAIREACHAIS SLÁINTE

***(Airteagal 16(4))***

Luaidhe agus a comhdhúile ianacha

Mar chuid den fhaireachán bitheolaíoch, ní mór tomhas a dhéanamh ar an leibhéal luaidhe san fhuil (PbB) trí úsáid a bhaint as speictriméadracht ionsúcháin nó modh lena dtugtar torthaí coibhéiseacha. Seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach:

15 µg Pb/100 ml fola (1)

Déantar faireachas leighis más amhlaidh is airde nochtadh do thiúchan luaidhe san aer ná 0,015 mg/m$^3$, arna ríomh mar mheán ualaithe de réir ama thar 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, nó má dhéantar leibhéal luaidhe san fhuil níos airde ná 9 µg Pb/100 ml fola a thomhas in oibrithe aonair.

([1]) Moltar nach sáróidh an leibhéal luaidhe san fhuil i mná in aois clainne luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe san ionad oibre sna Ballstáit faoi seach den Aontas. Nuair nach bhfuil leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, moltar nach sáróidh an leibhéil luaidhe san fhuil i mná in aois clainne an Treoirluach Bitheolaíochta 4.5 µg/100ml.'